Ag Déanamh Measúnú ar Riachtanais do Pháiste.
Acht Míchumais 2005.

Acht Míchumais 2005
Measúnú i gcomhair riachtanais pháistí faoi cúig bhliana d'aois.

Ar an gcéad lá de Mheitheamh 2007, tháinig Cuid 2 den Acht Míchumais 2005 i bhfeidhm go dlíthiúil i gcomhair paistí faoi cúig bhliana d'aois. Faoi Chuid 2 den Acht seo, tá na cearta seo a leanas ag páistí atá faoi mhíchumais:

· Measúnú neamhspleách ar a gcuid sláinte agus riachtanais oideachasúla mar a eascraíonn on mhíchumas.
· Tuairisc mheasúnaithe.
· Ráiteas i leith na seirbhísí a chuirfear ar fáil dóibh.
· Gearrán a dhéanamh sa chás go bhfuil siad mí-shásta le aon chuid den phróiseas.

Cé a bhfuil cead acu measúnú a iarraidh?

Is féidir le tuismitheoir ar bith a bhfuil amhras orthu go bhfuil míchumas éigin ar a p(h)aiste (faoi cúig bhliana), measúnú a iarraidh. Tá an ceart céanna ag caomhnóir chun measúnú a iarraidh. Tá foráil faoin Acht Mhíchumais 2005 gur féidir leis An Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh pléadálaí pearsanta a cheapadh. Cheaptar go mbeidh tús leis an tseirbhís pléadálaí ag deireadh 2008. Tá tuilleadh eolais ar fáil ach glaoch ar (01) 605 9000 nó féach ar www.citizensinformationboard.ie

Cad is brí le -Measúnú Riachtanais neamhspleách?

Measúnú ar réimse leathan riachtanais do pháistí mar a bhaineann lena m(h)íchumais áirithe is ea an Mheasúnú Riachtanais neamhspleách. Ina dhiaidh, gheobhaidh tú tuairisc mheasúnaithe sonraithe ar riachtanais sláinte agus oideachasúla do pháiste agus na seirbhísí a dteastaíonn i gcomhair na riachtanais sin.

Cé a chuirfidh an mheasúnú i bhfeidhm?

Is é/í d'Oifigeach Mheasúnaithe Áitiúil atá freagrach as mheasúnú do pháiste agus sin é/í an chéad pointe teagmhála a bheas agat. Tá Oifigeach Mheasúnaithe i ngach Oifig Sláinte áitiúil. Cabhróidh siad le h-iarratas do pháiste. Tabharfaidh siad cabhair agus tacaíocht duit le linn an phróisis. Tá an t-Oifigeach Mheasúnaithe freagrach as tuairisc mheasúnaithe do pháiste a eisiúint. Tá an mheasúnú seo neamhspleách agus bunaithe go hiomlán ar riachtanais mhíchumais do pháiste. Cuirfear an mheasúnú i gcrích in ainneoin costais nó rochtain na seirbhísí. Déanfar gach measúnú de réir na caighdeáin ata forbartha ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Spreagfar tú chun a bheith páirteach i measúnú do pháiste.

Cén áit gur féidir liom an t-iarratas a dhéanamh?
Ní mór iarratais a dhéanamh i scríbhinn ar an fhoirm chaighdeánach atá ar fáil ag d'Oifig Sláinte Áitiúil. Glaoigh ar lín chabhrach an FSS ag 1850 24 1850 nó féach ar www.hse.ie i gcomhair liosta na hOifigí Sláinte Áitiúla in Éirinn.

Cén fhad a thógfaidh sé?
Ní mór measúnú do pháiste a thosú taobh istigh de thrí mhí ón dáta a ghlac an FSS leis an fhoirm chomhlánaithe. Ní mór an measúnú a bheith críochnaithe taoibh de thrí mhí eile ón dáta a cuireadh tús leis. I gcásanna eisceachtúla, b'fhéidir go nglacfaidh an mheasúnú níos faide ná an trí mhí, ach ní mór é a chríochnú chomh luath agus is féidir.

Cad a tharlaíonn ina dhiaidh sin?
Nuair atá an mheasúnú críochnaithe réiteoidh Oifigeach Teagmhála de chuid an FSS ráiteas seirbhíse duit. Inseoidh an ráiteas seirbhíse duit, cad iad na seirbhísí agus na tacaíochtaí a chuirfear ar fáil dod pháiste agus a chuirfear ar fáil taobh istigh de mhí amháin ón dáta ar chríochnaigh an mheasúnú. Gheobhaidh tú tuairisc mheasúnaithe do phaist agus an ráiteas seirbhíse ag an am céanna.

I gcás nach bhfuilim sásta cad is féidir liom a dhéanamh?
Mura bhfuil tú sásta leis an mheasúnú ná an ráiteas seirbhíse, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an FSS agus déanfar socrú athbhreithnithe maidir le do chás. Is féidir leat gearán a dhéanamh más rud é:

1. Go n-aimsítear míchumas éigin ar do pháiste agus nach n-aontaíonn tú go bhfuil sin amhlaidh
2. Nach raibh an mheasúnú déanta de réir caighdeáin an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.
3. Nár cuireadh tús ná nár críochnaíodh an mheasúnú taobh istigh den scála ama a bhí aontaithe
4. Nach bhfuil na seirbhísí atá luaite I ráiteas seirbhíse do pháiste á chur ar fáil.

Má tá tú mí-shásta le toradh an ghearáin, tá rogha agat achomharc a dhéanamh leis an Oifig Achomhairc Neamhspleách. Tá an focal cinniúnach ag an oifigeach achomhairc. i trí chás Ard-Chúirte ar phointe dlí amháin gur féidir achomharc a dhéanamh i ndiaidh sin.

Eolas Breise
Ní mór iarratais a dhéanamh i scríbhinn ar fhoirm chaighdeánach atá ar fáil ó d'Oifig Sláinte Áitiúil. Glaoigh ar líne chabhrach an FSS ar 1850 24 1850 nó www.hse.ie i gcomhair liosta na hOifigí Sláinte Áitiúla in Éirinn.